| RABHADH<br>Ní mór an roinn seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r, nó caillfear marcanna. |
|---|

| Scrúduimhir an Iarrthóra |
|---|
| |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003**

# STAIDÉAR GNÓ - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I
# ROINN A
**(80 Marc)**

DE CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH 2003 - MAIDIN, 9.30 go 12.00

**Freagair na 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag dul do gach ceist. Is ceadmhach áireamháin a úsáid.**

---

**1.** Taispeáin le tic (✓) cé acu a n-áireofaí na híocaíochtaí seo a leanas a dhéanfadh gnólacht mar Chaiteachas Ioncaim nó mar Chaiteachas Caipitiúil

| | Caiteachas Ioncaim | Caiteachas Caipitiúil |
|---|---|---|
| Troscán nua | | |
| Glaonna teileafóin | | |
| Páipéar cóipeála | | |
| Ríomhairí | | |

**2.** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

Is é a thugtar ar chlár ríomhaire ar féidir a úsáid do Leabharchoimeád agus Cuntais ná:

| | | | |
|---|---|---|---|
| Scarbhilleog | ☐ | Clár Grafaicí | ☐ |
| Próiseáil Focal | ☐ | Clár Bunachair Sonraí | ☐ |

**3.** Cuir tic (✓ ) sa bhosca ceart i ndiaidh gach ceann de na cánacha seo a leanas le taispeáint cé acu an cáin ar ioncam nó cáin ar earraí iad.

| | Cáin ar Ioncam | Cáin ar Earraí |
|---|---|---|
| Í.M.A.T. | | |
| C.B.L. | | |
| C.C.Ú.C.T. (D.I.R.T.) | | |
| Dleacht Allmhairíochta | | |

**4.** Ainmnigh **dhá** thoisc a chuirfeá san áireamh agus córas seachadta á roghnú agat

1. ______________________________

2. ______________________________

**5.** (i) Tabhair sampla **amháin** de thríú páirtí ar féidir leis aighneas tionsclaíoch a réiteach

**Freagra** ______________________________

**NÓ**

(ii) Ainmnigh **dhá** institiúid airgeadais ar féidir leo morgáistí a sholáthar do theach.

1. ______________________________

2. ______________________________

**6.** Is liosta téarmaí árachais atá i gColún 1. Is tuairisc fhéideartha ar na téarmaí sin atá i gColún 2. Meaitseáil an dá liosta trí litir na tuairisce a chur faoin uimhir chuí thíos. Ní bhaineann tuairisc amháin le ceann ar bith de na téarmaí.

| **Colún 1 – Téarmaí** | **Colún 2 – Tuairiscí** |
|---|---|
| 1. Préimh | A. Ceadaíonn ceart dlíthiúil an árachaí don árachóir |
| 2. Foirm Tairisceana | B. Caithfidh gach ceist a fhreagairt go fírinneach. |
| 3. Seachaíocht | C. Baineann i gcás dhá árachóir nó níos mó a bheith i gceist. |
| 4. De Mheon Maith | D. Airgead a íoctar le cuideachta árachais. |
| | E. Foirm iarratais i gcomhair árachais nó urrúis. |

| **1.** | **2.** | **3.** | **4.** |
|---|---|---|---|
| | | | |

**7.** Bhí na figiúirí seo a leanas i gCuntais Chríochnaitheacha ghnólachta.

| | € |
|---|---|
| Díolacháin: | 600,000 |
| Costas Díolachán: | 400,000 |
| Brabús glan: | 30,000 |

(a) Ríomh an Corrlach Glan:

_______________________________

| **Oibriúcháin** |
|---|
| |

**NÓ**

(b) Sainaithin **ceithre** speansais a bheadh ar ghnólacht sa bhliain

1. ____________________ 2. ____________________

3. ____________________ 4. ____________________

**8.** Soláthraíonn An Post go leor bealaí chun airgead a choigilt. Ainmnigh aon **dá** cheann.

(a) ______________________________________________

(b) ______________________________________________

**9.** Comhlánaigh an chairt thíos de na doiciméid a úsáidtear i gceannach trí na doiciméid chuí a scríobh sna spásanna bána atá tugtha.

| Litir Fhiosrúcháin | → | | → | Ordú | → | |
|---|---|---|---|---|---|---|

**10.** Bhí na sóchmhainní agus na fiachais (dliteanais) seo a leanas ag gnólacht ar 1 Eanáir 2003.

Foirgnimh: 120,000 Iasacht: 17,000

Comhlánaigh an Leabhar Cúnta Ginearálta thíos chun é sin a thaifeadadh agus ríomh an Scairchaipiteal.

| **Leabhar Cúnta Ginearálta (Leathanach 1)** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Sonraí** | **F.** | **DR €** | **SR €** |
| 1/1/03 | Foirgnimh | | | |
| | Iasacht | | | |
| | Scairchaipiteal | | | |
| | Sóchmhainní, Fiachais agus Caipiteal ar 1/1/03 | | | |

**11.** Bhí Díolacháin ar Airgead Tirim de €121,000 (€100,000 + C.B.L. €21,000) ag gnólacht do mhí Bealtaine 2003. Taispeáin conas a dhéanfaí é seo a thaifeadadh i gCuntas na nDíolachán agus i gCuntas C.B.L.

| **DR.** | | | | | | | **SR.** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Sonraí** | **F.** | **Méid €** | **Dáta** | **Sonraí** | **F.** | **Méid €** |
| | | | **Cuntas na nDíolachán (lch.1)** | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | **Cuntas CBL (lch.2)** | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |

**12.** Bhí an cuntas seo a leanas i mórleabhar Grant Tta.

| **Cuntas Cíosa** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 24/12/02 | Banc | LA | 13,400 | 31/12/02 | Brabús & Caillteanas | MLG | 13,150 |
| | | | | 31/12/02 | Iarmhéid | t/s | 250 |
| | | | 13,400 | | | | 13,400 |
| 31/12/02 | Iarmhéid | t/a | 250 | | | | |

(a) Cad is ciall leis an iarmhéid sa chuntas seo?

______________________________________________

______________________________________________

**NÓ**

(b) Taispeáin le tic (✓) cá mbeidh an t-iarmhéid sa Chlár Comhardaithe.

Sóchmhainní Reatha ☐ Fiachais Reatha ☐ Sóchmhainní Seasta ☐



**THALL →**

**13.** Liostaigh **ceithre** bhealach chun eolas a fháil faoi mhargadh.

(i) ____________________ (ii) ____________________

(iii) ____________________ (iv) ____________________

**14.** Liostaigh **<u>dhá</u>** théarma trádála a bhíonn ar luachan.

(i) ________________________________________

(ii) ________________________________________

**15.** As cén doiciméad foinse a bhreactar go hiomlán Leabhar Aischur Isteach gnólachta?

Cuir tic (✓) leis an bhfreagra ceart

Nótaí Creidmheasa eisithe ag an ngnólacht. ☐

Nótaí Creidmheasa faighte ag an ngnólacht. ☐

Cóip de na sonraisc eisithe. ☐

**16.** Is liosta é seo a leanas de mhodhanna cumarsáide. Cén dá mhodh ar chumarsáid amhairc (infheicthe) iad?

Cuir tic (✓) leis an **dá** fhreagra ceart amháin.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Litir | ☐ | Graf líne | ☐ | Teileafón | ☐ |
| Cruinniú | ☐ | Tuairisc | ☐ | Barrachairt | ☐ |

**THALL →**

**17.** Cuir tic (✓) leis an bhfreagra ceart.

Taispeánann Comhardú Trialach gnólachta:

(a) Má tá na Sóchmhainní comhionann leis na Fiachais. ☐

(b) Má tá an Caipiteal Oibre leormhaith. ☐

(c) Má tá Iarmhéid Dochair an mhórleabhair comhionann leis an Iarmhéid Sochair. ☐

(d) Má rinne sé brabús don bhliain. ☐

**18.**

| **Clár Comhardaithe amhail ar an 31 Nollaig 2002** | | |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sóchmhainní Seasta ........................................ | | 160,000 |
| Sóchmhainní Reatha ........................................ | 50,000 | |
| Fiachais Reatha ........................................ | 60,000 | |
| | | (10,000) |
| | | 150,000 |
| Maoinithe ag: | | |
| Gnáthscaireanna ........................................ | 125,000 | |
| Cúlchistí Ioncaim ........................................ | 20,000 | |
| | | 145,000 |
| Iasacht Théarmach ........................................ | | 5,000 |
| | | 150,000 |

**Rinne an gnólacht seo €20,000 Brabús Glan i 2002.**

(a) Ríomh an Toradh ar Chaipiteal in Úsáid.

**Freagra** [ %]

| **Oibriúcháin** |
|---|
| |

**NÓ**

(b) Dá mbreithneofaí an gnólacht ina fhéimheach cé mhéad a gheobhadh na scairshealbhóirí?

**Freagra** [€ ]

**19.** Taispeáin conas a dhéanfaí an beart seo a leanas a thaifeadadh i gCuntas Jones Tta. díoltóir nuachtán.

| *Cheannaigh Jones Tta. trealamh le seic ó M. Ó Faoláin* |
|---|

Breac do Dhochar Chuntas ____________________________________________.

Breac do Shochar Chuntas ____________________________________________.

**20.**

| | | | € |
|---|---|---|---|
| Bliain 1 | Costas maireachtála | = | 20,000 |
| Bliain 2 | Costas maireachtála | = | 21,500 |

Ríomh an ráta boilscithe go dtí pointe deachúla amháin.

**Freagra** [ %]

| **Oibriúcháin** |
|---|
| |

**Le húsáid le Ceist 1(A) i Roinn B.**

**Buiséad Pleanáilte do Mhuintir Phluincéid.**

| | **Ean** | **Feabh** | **Már** | **Iomlán Ean-Már** | **Meastachán Aib-Noll** | **Iomlán don bhliain Ean-Noll** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IONCAM PLEANÁILTE** | € | € | € | € | € | € |
| Tuarastal Sheosamh | 900 | 900 | 900 | 2,700 | | |
| Tuarastal Mháire | 1,200 | 1,200 | 1,200 | 3,600 | | |
| Sochar Leanaí | 100 | 100 | 100 | 300 | | |
| **IONCAM IOMLÁN** | 2,200 | 2,200 | 2,200 | 6,600 | | |
| **CAITEACHAS PLEANÁILTE** | | | | | | |
| **Seasta** | | | | | | |
| Morgáiste Tí | 735 | 735 | 735 | 2,205 | | |
| Árachas Gluaisteáin | 40 | 40 | 40 | 120 | | |
| Cáin Ghluaisteáin Bhliantúil | | 315 | | 315 | | |
| House Insurance | | | 385 | 385 | | |
| **Fo-Iomlán** | 775 | 1,090 | 1,160 | 3,025 | | |
| **Neamhrialta** | | | | | | |
| Speansais Teaghlaigh | 810 | 810 | 810 | 2,430 | | |
| Costais Reatha Ghluaisteáin | 90 | 90 | 90 | 270 | | |
| Solas agus Teas | 140 | | 120 | 260 | | |
| Teileafóin | | 155 | | 155 | | |
| **Fo-Iomlán** | 1,040 | 1,055 | 1,020 | 3,115 | | |
| **Roghnach** | | | | | | |
| Bronntanais | 180 | | | 180 | | |
| Siamsaíocht | 150 | 150 | 150 | 450 | | |
| Laethanta Saoire | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | 330 | 150 | 150 | 630 | | |
| **CAITEACHAS IOMLÁN** | 2,145 | 2,295 | 2,330 | 6,770 | | |
| Airgead Tirim Glan | 55 | (95) | (130) | (170) | | |
| Airgead Tirim Tosaigh | 120 | 175 | 80 | 120 | | |
| Airgead Tirim Dúnta | 175 | 80 | (50) | (50) | | |

**Le húsáid le Ceist 1(B) i Roinn B.**

(i) As **na chéad trí mhí den bhliain**, ainmnigh mí ar bith nuair a bhí orthu iasacht a fháil agus méid na hiasachta sin.

**Freagra**

| Mí | |
|---|---|

| Méid | € |
|---|---|

(ii) Luaigh **dhá** chúis go bhféadfadh teaghlach éileamh a dhéanamh faoin bpolasaí árachais tí.

1. ______________________________

2. ______________________________

**Doiciméad le húsáid le Ceist 2(D) – Roinn B**


Aistarraingt
Brainse Uimh. 93
Cuntas Uimh.
Inmheánach don mBanc
B P T M N
euro euro euro
Banc Aontas Éireann, cpt
AIB
Brainse
Fuaireas ó Bhainc-Aontas Éireann, cpt suim de
Sínithe
Seoladh
Reatha Taisce Coigilteas
Cuir marc leis an gCuntas cuí
€
Do Chomhchuntais Choigiltis
Dearbhaím go maireann gach páirtí sa chuntas seo ar an dáta seo
Dáta
Sínithe
Insint
Stampa/Ceannlitreacha
G 13
⑈011234⑈ 25

**Dr.** **Cuntas Postais (leathanach 1)** **Sr.**

| Dáta | Sonraí | F. | € | Dáta | Sonraí | F. | € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

**Dr.** **Cuntas Stáiseanóireacht (leathanach 2)** **Sr.**

| Dáta | Sonraí | F. | € | Dáta | Sonraí | F. | € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

**Dr.** **Cuntas Glantacháin (leathanach 3)** **Sr.**

| Dáta | Sonraí | F. | € | Dáta | Sonraí | F. | € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

**Dr.** **Cuntas Caiteachais Eile (leathanach 4)** **Sr.**

| Dáta | Sonraí | F. | € | Dáta | Sonraí | F. | € |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | |

**Le húsáid le Ceist 3(c) – Roinn B**

(i) Cén t-óinchiste a bhíonn ag an Mionairgeadóir don mhí?

**Freagra** [ ]

(ii) Mínigh cad is ciall leis an gcóras óinchiste agus luaigh buntáiste amháin a bhaineann lena úsáid.

**Freagra** ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**NÁ DÉAN DEARMAD AN ROINN SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**